

# SOS Ó Roinn Bhéaloidéas Éireann!

Le Cathal Póirtéir

*Ciarán Bairéad, bailitheoir, ag trascríobh ábhar ón ngléas 'Ediphone' ar Inis Oírr, Co. na Gaillimhe, 1957.Grianghraf le Leo Corduff.*
*[Ciarán Bairéad, collector, transcribing material from the Ediphone recording machine, Inis Oírr, Co. Galway, 1957. Photograph by Leo Corduff]*

Tá SOS curtha amach ag Roinn Bhéaloideas Éireann sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath ag lorg cabhrach le cuid den taifead fuaime is sinne sa tír a thabhairt slán ó chreimeadh na seanaoise.

Slánú Oidhreacht na Sean-taifead nó Saving Old Sounds atá ar an tionscnamh seo a chuireann roimhe an t-airgead a fháil le breis agus míle fiteán céarach a dhigeatú, a athmháistriú agus a fhoilsiú. Tá cuid den taifeadeadh seo breis is céad bliain d'aois agus ina measc tá na samplaí is luaithe fuaime de réimse leathan ceoil, amhráin agus scéalta i nGaeilge agus i mBéarla.

Tháinig cuid de na fiteáin seo ó thaifeadtaí de chuid na Feise Ceoil ag dul siar chomh fada le 1897. Tháinig go leor acu ó na bailitheoirí lán-aimseartha a d'oibrigh do Choimisiún Béaloideasa Éireann (1935-71) agus ó bhailitheoirí tábhachtacha eile, An tAth Ó Domhnalláin (Ard Mhacha), An tAth Lorcán Ó Muireadhaigh (Lú), an tAth de Hindeberg (Port Láirge), agus Tomás Ó Máille (Ros Comáin agus Sligeach). D'iarr an Dr Séamus Ó Duillearga ar Shéamus Ennis tras-scríobh ar fhiteáin Luke Donnellan nuair a thosigh Ennis ag obair leis an Choimisiún i 1942. Tá thart fá 150 píosaí ceoil ar na 174 fiteáin sin.

Tá trí chéim i gceist san SOS: na traidisiúin bhéil agus an ceol uirlise atá ar na fiteáin seo a chaomhnú. Ansin tras-scríobh, doiciméadú agus comhthéascú na bhfiteán agus, ar deireadh, athmháistriú agus foilsiú na dtaifead ionas go mbeifear in ann iad a chur ar fáil ar shuímh idirlín oideachasúla agus ar dhlúthdhioscaí.

Tá na fiteáin chéaracha seo tábhachtach ar go leor dóigheanna. Is foinsí luachmhara iad ar chanúintí Gaeilge agus Béarla na hÉireann agus ar stair, ar scéalta, ar amhráin agus ar cheol na tíre. Tá súil leis go mbeidh tionchar sonrach ag an ábhar seo ar chúrsaí léinn agus cultúrtha amach anseo.

Cheanna féin tá an chéim caomhnaithe tógtha. Tá €40,000 bronnta ag Muintir Thír Eoghain agus €9,000 ag Chomhairle Oidhreachta ar an tionscnamh agus, leis an mhaoiniú sin tá an comhlacht Francach L'Archéophone curtha ag aistriú na fiteáin go foirm digeateach.

Tá maoiniú anois á lorg leis an dara agus an tríú céim a chur sa tsiúil. Beidh saineolas ar chanúintí, ar na tráidisiúin bhéil, ar scríobh an cheoil agus ar bhailiú an bhéaloidis sna ceantair áitiúla seo ag teastáil leis an dara céim a thabhairt chun críc. Mar, bíodh is go bhfuil an digeatú déanta anois, beidh sé doiligh cuid de na samplaí a dhéanamh amach siocar droch-chaighdeán a bheith ar an buntaifead nach féidir a fheabhsú go hard-chaighdeán.

Sular tháinig ann do théip-tafadáin analógach sna 1950í, bhí bailitheoirí béaloideasa ag baint úsáide as an Ediphone, a thaifead fuaimeanna ar fhiteáin chéaracha. (Ar mhaithe le taifeaid fhuaime ar ard-chaighdeán a dhéanamh, cheannaigh Coimisiún Béaloideasa Éireann ineall chun ceirníní 'acetate' a ghearradh in 1948. Rinne na bailitheoirí 3,500 ceirnín idir 1948 agus 1952. Ó shin i leith tá teípeanna in úsáid agus na taifeadtaí seo ó na bialitheoirí ar ard-chaighdeáin fuaime agus caomhnaithe.)

Bhí na fiteáin don Ediphone costasach agus b'éigean iad a úsáid arís agus arís eile nuair a bheadh tras-scríobh an ábhair déanta ag na bailitheoirí. Tá breis agus míle de na fiteáin seo


i seilbh Roinn Bhéaloideas Éireann agus tháinig cuid mhór acu ó bhailitheoir de chuid an Choimisiúin. I measc na mbailitheoirí sin bhí Seosamh Ó Dálaigh, Seán Ó hEochaidh, Nioclás Breathnach, Proinsias de Búrca, Tadhg Ó Murchú, Liam Mac Coisdealbha, Séamus Ó Duilearga, bunaitheoir an Choimisiúin agus Andrias Ó Muimhneacháin, iar-Uachtarán An Chumainn le Béaloideas Éireann.

Tagann na fiteáin is sinne ó 1899 ó chomórtais do fhoinn neamh-fhoilsithe a bhí ag an Fheis Cheoil i mBéal Feirste. Rinneadh taifeadadh ar na píobairí John Cash as Cill Mhantáin (the 'Cork Hornpipe'), Denis Delaney as Béal Átha na Sluaigh (the 'Woman of the House on the Floor', the 'Kid on the Mountain', the 'Repeal of the Union' agus the 'Hag on the Hill'), John Flanagan as Baile Atha Cliath agus Michael Dall O'Sullivan as Ciarraí ('Gol na mBan san Ár'), agus ar Mrs Kenny, fidléir as Baile Átha Cliath.

Maireann roinnt eile fiteáin cheoil agus amhrán ó 1910-1912 agus a bhí ina luí gan seinm ar feadh na scórtha bliain in oifig na Feise Ceoil. Bunaíodh an Fheis Cheoil i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1897.

Tá sé deacair líon na bpíosaí ceoil agus seanchais a áireamh go fóill ach níl aon dabht ach go mbeidh na mílte píosaí aonair de gach aon chineál ar an 1,300 fiteán atá faoi chúram an tionscnaimh mhóir seo. Tuigfear tábhacht an ábhair agus an tionscnaimh seo nuair atá Slánú Oidhreacht na Sean-taifead i ndiaidh an tsaothair foirithinte seo a mhaoiniú agus a thabhairt i dtír.

*Cathal Póirtéir (BA 1979) is a social historian, broadcaster and producer with RTE.*




*Henri Chamoux, an té a chéadcheap an gléas 'L'Archeophone' ag obair ar dhigitiú na bhfiteáin i Roinn Bhéaloideas Éireann, Lúnasa 2004. Grianghraf le Noreen Barron. [Henri Chamoux, inventor of the 'Archeophone' cylinder reproduction machine, digitising cylinders in the Department of Irish Folklore, August 2004. Photograph by Noreen Barron]*

We're all expected to react to an SOS and hopefully the one recently sent out by the Department of Irish Folklore in UCD will not fall on deaf ears.

Saving Old Sounds is the name given to an imaginative conservation scheme which sets out to rescue some of the oldest sound recordings in Ireland and make them available to scholars and general public alike.

The scheme involves transferring these venerable recordings from decaying wax cylinders (some dating from the nineteenth century) to a digital format. This process will not only save the sounds on the cylinders but will also re-master and improve their audibility. This will allow scholars to begin the necessary contextual work on the material which has been collected from myriad sources. The transcription of the words and music contained on over 1,300 wax cylinders will be a task requiring expertise in many dialects of Irish and Hiberno-English and a knowledge of the folk traditions, practitioners and collectors, in areas all around the country which are represented on these valuable recordings.

Many of these original recordings come from the work of the collectors of the Irish Folklore Commission (now in the care of the Department of Irish Folklore in UCD). Other important collections were made by enthusiastic individuals who had access to this early recording technology and whose recording have made their way to the Department of Irish Folklore by a variety of means. The earliest recordings come from Feis Ceoil competitions held in Belfast in 1897 and include a number of pipers playing in a competition for previously unrecorded airs.

The entire collection of these early recordings contains a wide selection of local lore, stories, songs and music in Irish and English and represents a unique audio portrait of the then living folk tradition of communities all over the Ireland.

The perilous condition of these recording led the Department of Irish Folklore to launch their SOS - Save Old Sounds. The first step has been the raising of the money to have the digital recordings made and re-mastered by the French company L'Archéophone. This has now been achieved through the generosity of the Tyrone Association (€40,000) and the Heritage Council (€9,000).

The SOS continues and funding is now being sought to carry out the work of contextualising the material and, when that work is completed, making them available to the public with the additional scholarly material on the internet and on CD.